2024/1725

18.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1725 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/735 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/735 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 748/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/735.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2015/735, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Tháinig an Chomhairle ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh duine amháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 a choinneáil ar bun agus gur cheart an iontráil don duine sin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2015/735 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. MARON

([1]) IO L 117, 8.5.2015, lch. 13.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

	‘Ainm	Faisnéis chéannachta	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Michael MAKUEI LUETH	Dáta breithe: 1947 Áit bhreithe: Bor, an tSúdáin Theas; Bor, an tSúdáin	Tá Michael Makuei Lueth sa phost mar Aire Faisnéise agus Craolacháin ó 2013 i leith agus tá sé fós sa phost sin i Rialtas Idirthréimhseach Athbheoite na hAontachta Náisiúnta. Bhí sé ina urlabhraí poiblí freisin do thoscaireacht an rialtais chuig cainteanna síochána an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha ó 2014 go 2015 agus ó 2016 go 2018. Chuir Michael Makuei bac, go háirithe trí ráitis phoiblí ghríosaitheacha, ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas (ARCSS) i mí Lúnasa 2015 (ar cuireadh “ARCSS Athbheoite” (R-ARCSS) ina ionad i mí Mheán Fómhair 2018), ar obair Choimisiún Comhpháirteach Faireacháin agus Meastóireachta ARCSS (JMEC, a athainmníodh mar “JMEC Athbhunaithe” faoi R-ARCSS), ar bhunú Institiúidí Ceartais Idirthréimhsigh ARCSS (dá bhforáiltear freisin in R-ARCSS), agus ar oibríochtaí Fhórsa Cosanta Réigiúnaí na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, tá baint ag Michael Makuei le ciorrú córasach an spáis pholaitiúil agus dhaonlathaigh agus le cur faoi chois na meán, rud a chuireann bac ar an daonlathú agus ar an tsíocháin inbhuanaithe sa tSúdáin Theas, lena n-áirítear trí bhagairtí rialta ar iriseoirí agus trí thacaíocht a thabhairt do chinsireacht na meán. Dá bhrí sin, tá bac curtha ag Michael Makuei ar an bpróiseas polaitiúil sa tSúdáin Theas agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	3.2.2018’

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1725/oj